



comhar caomhán teoranta
Inis Oírr, Árann, Cuan na Gaillimhe.

NUACHTLITIR FEABHRA 2017

Síolta Fataí

Is féidir ordú a chur isteach do na síolta fataí seo a leanas roimh an **Aoine 10 Feabhra 2017:**

Cara	Duke of York
Golden Wonder	Records
Rooster	Pentland Dell
Homeguard	Kerrs Pink
Maris Piper	Sharpes Express
British Queens	

Tá chuile mhála 25kg. Is féidir leasú a ordú freisin.

Ceardlann le Fáilte Ireland

Beidh comhairleoirí ó Fáilte Ireland sa gcomharchumann **Déardaoin 9 Feabhra ó 11.00-1.00.**

Ba bhreá leo ionchur ó mhuintir an oileáin chun plean turasóireachta do Chonamara agus do thrí Oileán Árann á chur le chéile. Tá sé tábhachtach go mbeadh ionchur ag muintir an oileáin sa bplean seo.

Scéim Sóisialta Tuaithe

Tá 5 spás do na hoileáin uilig ar an scéim faoi láthair. Má theastaíonn uait a bheith ar an liosta feithimh don scéim, beidh ort foirm iarratais a líonadh. Fág d'ainm sa gcomharchumann nó ag Comhar na nOileán.

Cúrsa Garchabhair

Fág d'ainm in oifig an chomharchumainn roimh an **Aoine 17 Feabhra** má tá suim agat sa gcúrsa seo.

Ranganna Gaeilge i gComhar Caomhán Teo

Is féidir clárú do ranganna Gaeilge don bhunleibhéal/feabhasóirí **Dé Máirt 14 Feabhra 2017 ag 7.00 i.n** Cuir gloch ar an gcomharchumann le tuilleadh eolas a fháil.

Bailiúchán Éadaigh & Eile

Beidh bailiúchán éadaigh ar siúl **Dé Céadaoin 15 Feabhra** ar mhaithe le Enable Ireland. Baileofar na h-earraí seo a leanas ó **11.00 r.n** ar aghaidh: éadaí, bróga, éadaí leapan, cuirtíní, tuáillí, málaí láimhe, bréagáin, CDs, DVD's, ornáidí.

Eolas Ginearalta

Grúpa Gníomhaíochta Iascaigh Áitiúla an Iarthair (FLAG West)

Tá gach eolas faoi Flag West le fáil ar shuíomh BIM <http://www.bim.ie>. Tá 1.6milliún i gciste Flag West do cheantar cósta an Chláir agus Gaillimh ó 2017-2023. Is féidir iarratas ar líne a dhéanamh anois chuig Flag. Má tá aon cheist agat faoi seo is féidir teagmháil a dhéanamh le hoifig an chomharchumainn.

Banc na hÉireann

Beidh Banc na hÉireann in oifig an chomharchumainn Dé Máirt seo chugainn **21 Feabhra 2017 óna 10.45-3.00i.n**